

Iosrael in Iarchonnachta²

Roinnt seachtainí ó shin foilsíodh alt liom ar an *Irish Times* ina ndearna mé scrúdú ar staid athbheochan na Gaeilge. Dar liom, dá leanadh cúrsaí na Gaeltachta ag gluaiseacht sa treo ina bhfuilid ag dul faoi láthair, nach n-éireodh leis an athbheochan.

Sa gcás nach ndéanfaí athrú réabhlóideach ar staid na Gaeltachta is mó — Conamara Theas nó Iarchonnachta — mhol mé go dtabharfaimis suas an athbheochan mar chuspóir agus go socróimis ionad don nGaeilge i gcúrsaí na hÉireann nach mbeadh dírithe ar athbheochan. Mhol mé é sin ar son an ionracais agus toisc go ndéanann polasaí oifigiúil atá dírithe ar athbheochan dochar don nGaeilge agus dúinn féin mar dhaoine, *fhaid is nach bhfuilimid ábalta nó toilteanach an athbheochan a bhaint amach* — is é sin, an Ghaeltacht a leathnú agus a neartú.

Ag an am céanna dúirt mé go *bhféadfaimis* an athbheochan a chur i gcrích fós dá ndéanamis athrú réabhlóideach ar Ghaeltacht Chonamara, i dtreo is go ndéanfaí “Éire bheag” Ghaelach di. Ach bheadh an gníomh réabhlóideach seo ag brath ar dhúthracht na nGaeilgeoirí sna cathracha agus sna bailte móra agus ar thacaíocht chostasach ón Rialtas agus ó Éireannaigh ar fud an domhain. Rachadh Gaeilgeoirí, a raibh chuile cheird agus scil acu, go Conamara agus dhéanfadh siad “Iosrael nua” ann agus chuirfeadh an Rialtas plean forbartha ar siúl faoi údarás Bhord Iarchonnacht. I litir chuig an *Irish Times* (12 Feabhra) mhínigh mé go gcaithfeadh na Gaeilgeoirí féin tús a chur leis an obair trí eagrais imirce siar a bhunú agus coilíneachtaí a phlandáil idir Cois Fharraige agus Cor na Móna.

Ó shin i leith chuir an-chuid daoine in iúl dom go bhfuil spéis acu sa scéim seo nó ar a laghad sa gcineál seo gníomha. Ar eagla go rachadh mo bhunchúram féin amú imeasc an iliomad díograise agus mianta éagsúla, ba mhaith liom é a chur in iúl arís go soiléir.

Ní gríosadh chun gníomha atá á dhéanamh agam ar an gcéad dul síos. Ar an gcéad dul síos tá mé ag cur anailise os bhur gcomhair agus ag iarraidh oraibh rogha a dhéanamh idir “gluaiseacht na teanga” agus athbheochan na Gaeilge. Tá go leor gríosta sa treo seo agus sa treo siúd déanta ag an “ngluaiseacht” le 70 bliain anuas; ach sa tréimhse sin níor ghaibh an Ghaeilge scilbh ar shráid amháin ná ar shráidbhaile amháin — gan trácht ar theascán iomlán sóisialta de shaol na hÉireann. A mhalairt ar fad a tharla. Thug gluaiseacht na teanga cúl ar an nGaeltacht agus ar an Iarthar agus aghaidh ar na cathracha agus an Oirthear. Mheath an Ghaeltacht taobh thiar di.

Bhí an Athbheochan ar a bratach ag an ngluaiseacht, ach bhí an *pobal* a raibh an Ghaeilge mar phríomhtheanga aige ag cúngú agus ag fáil bháis

²Inniu 28 Feabhra.

ar feadh an ama. Is amhlaidh fós. Ach is trí *phobal amháin* — trí chomhshaol cónaithe, oibre agus smaointe — a tugtar beatha nó méadú beatha do theanga. Ní féidir le suim daoine aonair, dá líonmhaire iad, teanga — déantús sóisialta — d'athbheochan agus iad ag maireachtáil faoi réim teanga eile. Dearcadh indibhidiúlach, neamhshóisialta gluaiseacht na Gaeilge go nuige seo, is dearcadh *friththeangach* é.

Ní leor “gríosadh Gaelach,” ná gluaiseacht na teanga faoi mar atá sí, chun athbheochan na Gaeilge a chur i gcrích. Baintear an Athbheochan den mbratach go hionraic agus scríobhtar aidhm eile uirthi a chomhlíonfar. Nó déantar machnamh agus athraítear cúrsa na gluaiseachta i dtreo athbheochan na Gaeilge mar phríomhtheanga *theascáin de ghnáthshaol na hÉireann inniu*. B'fhéidir nach mbeadh sa méid sin ach tús — ach tá an tús seo féin in easnamh faoi láthair.

Roimh ghníomh nua tagann anailís ar *staid na ceiste* agus ar an méid is *féidir* a dhéanamh i dtreo an chuspóra. Tá anailís ar cheist na hathbheochana curtha agam os bhur gcomhair. Dar liom, má tá sí fíor agus má thoilítear an athbheochan fós, go n-eascaíonn gníomhaíocht áirithe as an anailís féin. Ach is í an anailís an chéad rud nach mór smaoinemh a dhéanamh air — agus glacadh leis nó diúltú dó.

Maidir le gníomhaíocht, is é toradh mo chuid anailíse ná an méid seo leanas:

1. Chun tús a chur le hathbheochan na Gaeilge ní mór teasacán ionadaíoch (representative segment) de shaol na hÉireann inniu a chruthú a mbeadh an Ghaeilge mar ghnáththeanga ann agus a d'fhéadfadh seasamh ar a bhoinn féin. *Saol beag iomlán fichiú h-aoise* dírithe ar Éirinn, ar an Afraic agus an Áise, ar Mheiriceá agus ar Dheisceart na hEorpa. (Sampla na nGiúdach in Iosrael).

2. Níl rogha againn ach an pobal féinchothabhlach seo (ar a bhfuil cur síos san alt úd liom) a bhunú in Iarchonnachta. Níl méid sách mór ná suíomh oiriúnach ag Gaeltacht ar bith eile.

3. Beidh obair mhór Stáit ag teastáil chun an gníomh seo a chur i gcrích; ach ní dhéanfaidh an Stát uaidh féin an gníomh mór lena bhfuil gá. Ní mór do Ghaeilgeoirí an gníomh a thosú trí cóilíneachtaí a bhunú in Iarchonnachta, pobal na dúiche sin a thabhairt leo agus — in éineacht leis — gloch a chur amach *as an Iarthar* ar Éireannaigh sa mbaile agus i gcéin agus ar an Rialtas. (Sampla na *kibbuzim*).

4. Fhaid agus nach bhfuil an bhunáit seo á tógáil go héifeachtach in Iarchonnachta níl fiúntas ar bith *maidir le hathbheochan na Gaeilge* ag na dea-oibreacha éagsúla — idir fheiseanna, cheirníní, chláir raidió, leabhair fhilíochta, Bhuntús Cainte srl. — atá ar siúl ag gluaiseacht na teanga. Cinnte, tá luach cultúrtha nó mórálta acu — ach sin an méid. Freisin, fhaid agus nach bhfuil an bhunáit seo á tógáil go héifeachtach níl fiúntas ar bith *maidir le hathbheochan na Gaeilge* ag baint le dea-oibreacha sna Gaeltachtaí.

Dar liomsa, i gceist seo na hathbheochana, go bhfuil ré na *cainte* thart: ní éistear níos mó le gríosadh ná le cáineadh. Tá an *iomhá* de dhíth — an gníomh mór sofheicthe sóisialta, an bhratach anairde san Iarthar. Má ardaítear an bhratach ansin, tiocfaidh an chuid is fearr d'Éirinn chuige. Ach chun go n-ardófar an bhratach ansin, ní mór do ghluaiseacht na Gaeilge a ceanncheathrú náisiúnta a fhódú ann. Ní mór do ghluaiseacht na Gaeilge gníomh creidimh a dhéanamh agus filleadh ar an dúchas as deoraíocht na Galltacht.

Ar an dtaobh eile dhe, is féidir le gluaiseacht na Gaeilge fanacht sa nGalltacht. Ach sa gcás sin, beidh sí sa nGalltacht go deo. I bhfocal amháin: tá rogha le déanamh.

